An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar na dréachtréimsí curaclaim agus dréachtmhodúil do Chláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

# An Clár Ábhar

Liosta Giorrúchán .......... 2

RÉAMHRÁ .......... 5

CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN .......... 7

Cur Chuige Modheolaíoch .......... 7

Freagraí ar an gcomhairliúchán .......... 8

Ag cur an chomhairliúcháin chun cinn .......... 10

CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN .......... 11

Tuairimí ginearálta ar na modúil .......... 11

Cúram Pearsanta Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 .......... 12

Cócaireacht Leibhéal 2 .......... 12

Drámaíocht Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 .......... 13

Litríocht Leibhéal 2 .......... 14

Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 .......... 14

Mo Shaol, M'Airgeadas Leibhéal 2 .......... 15

Corpoideachas Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 .......... 15

Amharc-ealaín Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 .......... 16

CUID 3: AISEOLAS EILE A THÁINIG CHUN CINN SA .......... 18

Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) .......... 18

Acmhainní, agus acmhainní a chur ar fáil .......... 18

Modúil roghnacha bhreise .......... 19

CUID 4: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL .......... 20

Údair Mhachnaimh .......... 20

Tátal .......... 20

TAGAIRTÍ .......... 21

# Liosta Giorrúchán

| | |
|---|---|
| ATB | An Ardteistiméireacht Bhunaithe |
| ATF | an Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| CF | Clár Foghlama |
| CFL1 | Clár Foghlama Leibhéal 1 |
| CFL2 | Clár Foghlama Leibhéal 2 |
| CMB | Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| CO | Corpoideachas |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh |
| FGM | Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí |
| IAT | Iar-Ardteistiméireacht |
| LT | Leanúntas Tacaíochta |
| MOS | Múinteoir Oideachais Speisialta |
| NABMSE | Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta |
| NFQ | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NPC | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí |
| NTI | Nuatheangacha Iasachta |
| OCBÁC | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| OR | Oideachas Reiligiúin |
| OSSP | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| PECS | Córas Cumarsáide Malartaithe Pictiúr |
| RACE | Socruithe Réasúnta do Scrúduithe Deimhnithe |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| RO | An Roinn Oideachais |
| SLMOS | Samhail Leithdháilte do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta |
| SS | An tSraith Shinsearach |
| SS | An tSraith Shóisearach |
| TCÉ | Teanga Chomharthaíochta na hÉireann |
| TFanna | Torthaí Foghlama |

# Réamhrá

Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ó Aire Oideachais na linne sin, Norma Foley, TD. Tá an méid seo a leanas i gceist leis na céimeanna atá leagtha amach sa Tuarascáil Chomhairleach: forbairt ar mhodúil leantacha sa tsraith shinsearach do na scoláirí atá i mbun staidéir faoi láthair ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1) agus Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) sa tsraith shóisearach. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár oibre a leagadh amach sa phlean uaillmhianach chun an tsraith shinsearach a athfhorbairt. Ar cheann de na gníomhartha sa phlean bhí cáilíocht nua a thabhairt isteach ag Leibhéal 1 (L1) agus Leibhéal 2 (L2) ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Bunaíodh meitheal forbartha chun tabhairt faoin Ráiteas Cláir agus réimsí curaclaim a fhorbairt do Chláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. Threoraigh Cáipéis Eolais agus Treoir obair na Meithle Forbartha RSO Iar-bhunscoile, a foilsíodh do chomhairliúchán poiblí i mí an Mhárta 2023. Bhí plé na Meithle Forbartha bunaithe ar aiseolas ón gcomhairliúchán, a foilsíodh i dtuarascáil chomhairliúcháin i mí Mheán Fómhair 2023.

Cuireadh an dréacht-Ráiteas Cláir agus dhá réimse curaclaim (Uimhearthacht, agus Cumarsáid agus Litearthacht) ag an dá leibhéal ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí agus i ndiaidh an chomhairliúcháin sin, faomhadh lena bhfoilsiúiad agus cuireadh ar fáil do scoileanna iad lena dtabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2024 ar aghaidh.

Leanadh ar aghaidh le hobair Mheitheal Forbartha RSO na Bunscoile agus forbairt á déanamh ar thuilleadh dréachtréimsí curaclaim agus dréachtmhodúil roghnacha, mar a leagtar amach sa Ráiteas Cláir, le haghaidh Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 (SSCFL1L2), a cuireadh ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí ansin.

Rinneadh an comhairliúchán ina dhá chéim. Ba é aidhm an dá chéim den chomhairliúchán sin tuairimí oscailte agus ionraice a lorg maidir leis na dréachtréimsí curaclaim nua agus na modúil roghnacha. Cuireadh seacht gcinn de dhréachtmhodúil roghnacha ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí i gcéim a haon ón 6 Eanáir go dtí an 28 Feabhra 2025. Is iad seo a leanas na dréachtmhodúil roghnacha sin:

- Corpoideachas Leibhéal 1 agus Leibhéal 2
- Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht Leibhéal 1 agus Leibhéal 2
- Drámaíocht Leibhéal 2
- Mo Shaol, M'Airgeadas Leibhéal 2
- Litríocht Leibhéal 2.

Cuireadh dhá réimse curaclaim bhreise agus ceithre cinn de dhréachtmhodúil roghnacha ar fáil don dara céim de chomhairliúchán poiblí ón 28 Márta go dtí an 9 Bealtaine 2025. Is iad seo a leanas na dréachtréimsí curaclaim agus na dréachtmhodúil sin:

- Cúram Pearsanta Leibhéal 1 agus Leibhéal 2
- Cócaireacht Leibhéal 2
- Drámaíocht Leibhéal 1
- Amharc-ealaín ar Leibhéal 1 agus Leibhéal 2.

Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar aiseolas a fuarthas le linn an dá chéim den chomhairliúchán. Tabharfar tuilleadh eolais ar aiseolas a fuarthas sna codanna seo a leanas den tuarascáil. Tugtar breac-chuntas i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin agus tugtar léargas ginearálta i gCuid a Dó ar an aiseolas a bailíodh le linn an chomhairliúcháin maidir leis na dréachtréimsí curaclaim agus na dréachtmhodúil. Tugtar achoimre i gCuid a Trí ar réimsí aiseolais eile, agus tugtar le chéile na príomhléargais ón gcomhairliúchán sa Chonclúid, chomh maith leis na chéad chéimeanna eile maidir le forbairt Chláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur Chuige Modheolaíoch

Bhain na modhanna rannpháirtíochta seo a leanas leis an gcomhairliúchán ar an dréachtréimse curaclaim, Cúram Pearsanta, agus na dréachtmhodúil roghnacha:

- Suirbhé ar líne.
- Aighneachtaí scríofa.
- Réimse d'fhócasghrúpaí scoilbhunaithe chun léargais a fháil ó scoláirí, ó thuismitheoirí, ó mhúinteoirí agus ó cheannairí scoile.
- Fócasghrúpaí chun léargais a fháil ó mhúinteoirí agus ceannairí scoile maidir leis an dréachtréimse curaclaim, Cúram Pearsanta.

Baineadh úsáid as cur chuige féinroghnaithe samplála don suirbhé ar líne, fócasghrúpaí um Chúram Pearsanta agus aighneachtaí scríofa. Spreagadh eagraíochtaí oideachais agus páirtithe leasmhara chun aighneacht scríofa a chur isteach, ina ndearnadh cur síos ar a bhfreagra ar na dréachtréimsí curaclaim agus na dréachtmhodúil roghnacha. Bhí an suirbhé ar líne oscailte dóibh siúd ar mhian leo freagra a thabhairt thar ceann eagraíochta.

Ó thaobh na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe, roghnaíodh sampla ionadaíoch 18 scoil ar fud an dá chéim den chomhairliúchán ón 88 scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh i bhforbairt churaclam na sraithe sinsearaí a bhaineann le SSCFL1L2. Roghnaíodh na 18 scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Lorgaíodh aontú an scoláire agus cead tuismitheora d'aon scoláire a bhí ag glacadh páirt sna fócasghrúpaí scoilbhunaithe.

Reáchtáladh fócasghrúpaí do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i ndáil leis an dréachtréimse curaclaim, Cúram Pearsanta, ar Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 araon. Cuireadh na fócasghrúpaí ar fáil d'aon scoil ar mhian leo rannpháirtithe a chur le freastal orthu. Ní raibh cead ag scoileanna níos mó ná beirt toscairí a chur chuig an bhfócasghrúpa chun a chinntiú go bhféadfadh an réimse ba leithne scoileanna agus ab fhéidir freastal air. Cuireadh faisnéis ar fáil faoin gcaoi le bheith rannpháirteach sna fócasghrúpaí ar leathanach comhairliúcháin RSO de shuíomh gréasáin CNCM.

Ba í sraith ceisteanna oscailte, a úsáideadh chun tuairimí na rannpháirtithe a bhailiú, a bhí mar bhunús do na fócasghrúpaí uile. Rinneadh taifeadadh scríofa de na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí. Rinneadh an t-aiseolas a anaithnidiú, agus coinníodh an t-aiseolas ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht nó duine aonair cead soiléir go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán.

Rinneadh iarracht sa chomhairliúchán trí réimse leathana fócais ar na dréachtréimsí curaclaim agus na dréachtmhodúil roghnacha a fhiosú:

- An méid a thaitníonn leis na rannpháirtithe faoi na dréachtréimsí curaclaim agus na dréachtmhodúil.
- Na hábhair mhachnaimh atá ag na rannpháirtithe ar na dréachtréimsí curaclaim agus na dréachtmhodúil roghnacha.
- An t-aiseolas nó na hábhair mhachnaimh bhreise ba mhaith leis na rannpháirtithe a tharraingt anuas.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach chun anailísiú a dhéanamh ar aiseolas agus bhí sé frámaithe de réir réimsí leathana fócais sa chomhairliúchán. Chabhraigh sé seo an t-aiseolas a fuarthas ón eolas bailithe a rangú, a mheas agus a chur i dtoll a chéile. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gCuid a Dó den tuarascáil seo.

## Freagraí ar an gcomhairliúchán

Chinntigh úsáid réimse leathan modhanna rannpháirtíochta gurbh fhéidir le duine ar bith a raibh sé de mhian acu ionchur a bheith acu sa chomhairliúchán déanamh amhlaidh. D'éascaigh na suirbhéanna ar líne agus na haighneachtaí scríofa aiseolas a bhailiú ó shampla ionadaíoch leathan de rannpháirtithe, agus d'éascaigh na fócasghrúpaí scoilbhunaithe um Chúram Pearsanta plé agus aiseolas níos fairsinge agus níos doimhne.

Cuirtear i láthair i dTábla 1 na leibhéil rannpháirteachais i rith Chéim a hAon den chomhairliúchán, agus cuirtear i láthair i dTábla 2 na leibhéil rannpháirteachais i rith Chéim a Dó den chomhairliúchán. Tugadh freagraí ar na suirbhéanna ar líne ar fud réimse leathan suíomhanna.

| Modh rannpháirtíochta | Rannpháirtithe | Líon na rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | Múinteoirí<br>Eile<br>Ceannairí Scoile<br>Tuismitheoirí | 54 |
| Aighneachtaí scríofa | Eagraíochtaí | 5 |
| Fócasghrúpaí scoile | Sampla ionadaíoch de 10 scoil, roinnte go cothrom idir scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta, le ceithre shraith agallamh in aghaidh na scoile | 107 |

**Tábla 1: Rannpháirtíocht sa chomhairliúchán – *Céim a hAon***

| Modh rannpháirtíochta | Rannpháirtithe | Líon na rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | Múinteoirí<br>Tuismitheoirí | 22<br>1 |
| Aighneachtaí scríofa | Eagraíochtaí | 1 |
| Fócasghrúpaí náisiúnta le haghaidh Cúram Pearsanta ar Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 | Príomhshruth, rang speisialta, múinteoirí i scoileanna speisialta agus ceannairí scoile | 13 |
| Fócasghrúpaí scoile | Sampla ionadaíoch d'ocht scoil, arna roinnt go cothrom idir scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta, agus ceithre shraith agallamh in aghaidh na scoile | 72 |

**Tábla 2: Rannpháirtíocht sa chomhairliúchán – *Céim a Dó***

Tugtar forléargas i dTábla 3 ar líonta agus déimeagrafaic na rannpháirtithe do na suirbhéanna ar líne ar fud Chéim a hAon agus Chéim a Dó den chomhairliúchán.

| Comhthéacsanna | Líon na Rannpháirtithe Céim a hAon | Líon na Rannpháirtithe Céim a Dó |
|---|---|---|
| Múinteoir i Scoil Speisialta | 15 | 10 |
| Múinteoir i Rang Speisialta i Scoil Phríomhshrutha | 15 | 8 |
| Múinteoir i Scoil Phríomhshrutha | 12 | 4 |
| Eile | 6 | |
| Tuismitheoir | 2 | 1 |
| Príomhoide ar Scoil Phríomhshrutha | 2 | |
| Leas-Phríomhoide ar Scoil Phríomhshrutha | 1 | |
| Leas-Phríomhoide ar Scoil Speisialta | 1 | |

**Tábla 3: Déimeagrafaic fhreagróirí an tsuirbhé ar líne – *Céim a hAon agus Céim a Dó***

Tugtar forléargas i dTábla 4 ar dhéimeagrafaic na bhfreagróirí ar fud an dá chéim den chomhairliúchán le haghaidh fócasghrúpaí scoile.

| Rannpháirtithe | Líon na Rannpháirtithe Céim a hAon | Líon na Rannpháirtithe Céim a Dó |
|---|---|---|
| Scoláirí | 43 | 18 |
| Múinteoirí | 35 | 32 |
| Bainistíocht Scoile | 16 | 14 |
| Tuismitheoirí | 11 | 8 |
| Cúntóirí Riachtanas Speisialta | 2 | |

**Tábla 4 Déimeagrafaic fhreagróirí na bhfócasghrúpaí scoile –** ***Céim a hAon agus Céim a Dó***

Tá liosta ar fáil in Aguisín 1 agus 2 de na heagraíochtaí agus na daoine aonair a chuir aighneachtaí i scríbhinn isteach agus a chomhlánaigh an suirbhé ar líne agus ar mhian leo a bheith luaite i gCéim a hAon.  Tá liosta ar fáil in Aguisín 3 agus 4 de na heagraíochtaí agus na daoine aonair a chuir aighneachtaí i scríbhinn isteach agus a chomhlánaigh an suirbhé ar líne agus ar mhian leo a bheith luaite i gCéim a Dó.

## Ag cur an chomhairliúcháin chun cinn

Cuireadh eolas amach ar go leor bealaí maidir le conas ab fhéidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán, lena n-áirítear suíomh gréasáin CNCM, nuachtlitir CNCM, ardáin meán sóisialta, agus fógra a cuireadh go díreach chuig eagraíochtaí oideachais agus páirtithe leasmhara.

# Cuid 2: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Tá léargas sa chuid seo ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Rangaíodh na torthaí de réir na réimsí seo a leanas:

- Tuairimí ginearálta ar na dréachtmhodúil
- Cúram Pearsanta Leibhéal 1 agus Leibhéal 2
- Cócaireacht Leibhéal 2
- Drámaíocht Leibhéal 1 agus Leibhéal 2
- Litríocht Leibhéal 2
- Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht Leibhéal 1 agus Leibhéal 2
- Mo Shaol, M'Airgeadas Leibhéal 2
- Corpoideachas Leibhéal 1 agus Leibhéal 2
- Amharc-ealaín Leibhéal 1 agus Leibhéal 2.

## Tuairimí ginearálta ar na modúil

Bhíothas den tuairim ar fud an chomhairliúcháin go raibh tábhacht leis na dréachtmhodúil lena chinntiú go mbíonn rochtain ag gach scoláire ar churaclam oiriúnach sa tsraith shinsearach, go bhféadann siad a bheith páirteach ann agus tairbhe a bhaint as. Cuireadh fáilte rompu sna suíomhanna oideachais uile ar tugadh cuairt orthu le linn an chomhairliúcháin agus ar fud na modhanna éagsúla rannpháirteachais, agus cuireadh síos orthu mar mhodúil a chuireann leis an bhfoghlaim ó eispéireas na scoláirí sa tsraith shóisearach agus a thagann le forbairt agus oideachas foriomlán na scoláirí.

Bhí na rannpháirtithe i bhfabhar modúil roghnacha a thairiscint chun cláir scoile a chur in oiriúint do riachtanais agus ábhair spéise na scoláirí, agus úsáid á baint as acmhainní atá ar fáil. Bhí léirthuiscint acu d'éagsúlacht na modúl, rud a thug neamhspleáchas do scoileanna cláir foghlama sainoiriúnaithe a chruthú, lenar spreagadh cur chuige scoláire-stiúrtha agus scoláire-lárnaithe. Ba mhór an tráchtaireacht dhearfach a rinneadh ar dhearadh na dtorthaí foghlama. Measadh gur bhain siad an chothromaíocht chuí amach idir treoir agus cead. Tugadh ar aird, a bhuí leis an dearadh so-úsáidte, go rabhthas in ann idirdhealú a dhéanamh sa seomra ranga, go ndeachaigh neamhspleáchas an mhúinteora chun feabhais agus gur cinntíodh foghlaim bhríoch don uile scoláire. Leag na rannpháirtithe béim ar an tábhacht atá lena chur ar chumas an uile scoláire torthaí foghlama a bhaint amach ar bhealach atá ar aon dul lena n-acmhainn.

Ba dhearfach an méid a bhí le rá ag an dúrud múinteoirí ar chineál traschuraclaim na modúl – an chaoi a dtacaíonn na torthaí foghlama i modúl amháin le baint amach na dtorthaí foghlama i modúl eile. Chomh maith céanna, tugadh ar aird an chaoi a bhféadfadh an fhoghlaim i modúl amháin tacú ar bhealach bríoch leis an tuiscint laistigh de mhodúl eile.

Ba mhór ag na rannpháirtithe struchtúr foirmiúil na modúl chun a n-oideolaíocht a threorú, cur le cleachtas atá ann cheana féin, ach thar aon ní eile, le go bhfaigheadh na scoláirí aitheantas agus teastasú as an dul chun cinn agus an ghnóthachtáil a bhain siad amach sa tsraith shinsearach.

## Cúram Pearsanta Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Mheas na rannpháirtithe nach amháin go raibh réimse curaclaim an Chúraim Phearsanta ar an dá leibhéal riachtanach do scoláirí ach, i gcuid mhaith comhthéacsanna, gur ann a bhí na modúil ba thábhachtaí lena gcuimsiú sna cláir foghlama.

### Leibhéal 1

Cuireadh fáilte roimh an tábhacht a bhaineann le braistintí agus mothúcháin na scoláirí a aithint ar Leibhéal 1, chomh maith leis an mbéim ar an gcaoi a bhféadfaí tionchar bríoch agus dearfach a imirt ar dhaoine eile timpeall ar na scoláirí de bharr iad a bheith i láthair. Mhol rannpháirtithe mionathruithe ar na torthaí foghlama lena chinntiú go mbeadh rochtain ag na scoláirí uile ar an bhfoghlaim. Luadh arís eile anseo an gá atá le rochtain ar ghuth an scoláire lena chinntiú go mbeidh an teagasc agus an fhoghlaim scoláire-stiúrtha agus scoláire-lárnaithe, agus oiriúnach dá gcuid riachtanas.

### Leibhéal 2

Ba mhór ag na rannpháirtithe na torthaí foghlama ar an mórgóir, cé gur cheap cuid acu go raibh siad róchosúil le torthaí foghlama na sraithe sóisearaí. Mar sin féin, bhí lear mór díobh i bhfabhar na torthaí foghlama a choinneáil chun foghlaim a neartú agus a aistriú idir comhthéacsanna. D'iarr na rannpháirtithe go ndéanfaí cnuasú de réir téamaí agus go gcuirfí athord ar na torthaí chun cuidiú le pleanáil curaclaim. Lena chois sin, moladh go gcuimseofaí torthaí sonracha maidir le cearta agus freagrachtaí dlíthiúla na scoláirí.

Cé gur luaigh rannpháirtithe, i suíomhanna príomhshrutha go mór mór, impleachtaí i dtaobh socrú amchláir maidir CFL1 agus CFL2 a thabhairt isteach, ba mhó an plé a rinneadh ar impleachtaí i dtaobh socrú amchláir i gcomhthéacs an Chúraim Phearsanta. Ba iad scoileanna príomhshrutha go háirithe a chuir imní in iúl, dá mbeadh líon beag scoláirí ag gabháil do L2 laistigh de scoil, go bhféadfadh sé éirí dúshlánach a chinntiú go ngabhann scoláirí do chomhar bríoch agus plé grúpa lena gcuid comhscoláirí, ar cuir chuige oideolaíochta thábhachtacha iad sin chun Cúram Pearsanta a theagasc.

## Cócaireacht Leibhéal 2

Cuireadh fáilte roimh an modúl roghnach seo sna comhthéacsanna agus modhanna rannpháirtíochta uile den chomhairliúchán. Rinne rannpháirtithe cur síos air mar mhodúl a fhorbraíonn scileanna riachtanacha saoil do scoláirí agus a chuireann tuilleadh deiseanna ar fáil chun naisc a fhorbairt le baile an scoláire agus leis an bpobal mór thart orthu. Bhí léirthuiscint ag na rannpháirtithe uile don acmhainneacht atá ann le haghaidh foghlaim thraschuraclaim laistigh den mhodúl roghnach seo. Sampla a luadh go mór minic ba ea an chaoi ar féidir leis an gCócaireacht tacú le rannpháirteachas na scoláirí i modúil na Cumarsáide agus na Litearthachta, agus na hUimhearthachta.

Ba mhór ag múinteoirí tabhairt isteach na téarmaíochta a bhaineann le scileanna bia agus cócaireachta agus thug siad dá n-aire go raibh siad in ann a gcuid scileanna agus eolais phraiticiúil i dtaca le bia a aistriú idir an dúrud comhthéacsanna a bhuí leis an téarmaíocht sin a úsáid le scoláirí.

Tarraingíodh aird ar an ngá atá le toradh foghlama a bhaineann le buiséadú a chuimsiú ar fud na modhanna rannpháirteachais uile. Leagadh béim air gur cheart go mbeadh sé mar chuid thábhachtach den mhodúl roghnach seo deiseanna a thabhairt do scoláirí foghlaim le lipéid bhia a

léamh agus oidis a leasú chun freastal ar a gcuid roghanna aonair nó riachtanas cothaithe. Shainaithin na scoláirí iad féin an gá atá le torthaí foghlama a chuimsiú maidir leis na gcaoi le fearais chistine agus tí a úsáid chun tacú lena gcuid scileanna maireachtála neamhspleáiche. Mar achoimre, ba dhearfach an t-aiseolas a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin i leith mhodúl roghnach na Cócaireachta ar Leibhéal 2. Thairis sin, shainaithin na rannpháirtithe an acmhainneacht atá ann Cócaireacht a shaothrú mar mhodúl roghnach do scoláirí atá ag tabhairt faoi chlár Leibhéal 1, i bhfianaise na dtorthaí foghlama leathana ábhartha, rud a thug an deis idirdhealú a dhéanamh ar fud leibhéil éagsúla. Ina leith sin, moladh go gcuirfí modúl roghnach Cócaireachta ar Leibhéal 1 ar fáil freisin mar chuid den raon ábhar roghnach atá ar fáil laistigh den Ráiteas Cláir.

## Drámaíocht Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Bhí léirthuiscint ag na rannpháirtithe do chuimsiú na Drámaíochta mar mhodúl roghnach, agus luaigh na rannpháirtithe uile na buntáistí líonmhara a bhaineann le bheith i mbun drámaíochta do scoláirí.

Rinneadh cur síos ar mhodúil roghnacha na Drámaíochta ar Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 mar mhodúil lenar gabhadh na príomhghnéithe den fhoghlaim i réimse na drámaíochta atá oiriúnach do scoláirí. Tugadh le fios freisin go dtacaíonn na modúil le dea-theagasc toisc go spreagann siad réimse cur chuige oideolaíochta laistigh de na torthaí foghlama ar féidir iad a ghlacadh ar fud modúil eile freisin. Tharraing na rannpháirtithe aird air freisin, a bhuí le tabhairt isteach thráthúil na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannánaíochta mar ábhar den Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB) laistigh d’athfhorbairt na sraithe sinsearaí, gur caitheadh aird fhiúntach ar thabhairt isteach mhodúil roghnacha na Drámaíochta ar Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, rud a chuir aitheantas ar an réimse seo chun feabhais.

### Leibhéal 1

Thug na rannpháirtithe dá n-aire gur féidir leis an bhfoghlaim atá leagtha amach i modúl na Drámaíochta tacú le forbairt mhothúchánach, chéadfach, fhisiciúil agus shóisialta na scoláirí. Arís eile, chuir na rannpháirtithe in iúl gur cinntíodh le cineál leathan na dtorthaí foghlama gur féidir raon oideolaíochtaí a úsáid agus, dá réir sin, gur tugadh neamhspleáchas do mhúinteoirí lena chinntiú gur féidir leis an uile scoláire a bheith rannpháirteach sa drámaíocht agus taitneamh agus tairbhe a bhaint aisti ina foirmeacha uile, chun tacú lena bhforbairt iomlánaíoch.

D’iarr roinnt rannpháirtithe go ndéanfaí an tagairt do chumarsáid mhalartach agus d’oiriúnuithe fisiciúla ní b’fhollasaí ar fud an mhodúil toisc go bhfuil tacaíocht níos caolchúisí ag teastáil ó chuid mhór scoláirí ar Leibhéal 1 chun a gcuid féinfheasachta agus rannpháirteachais le daoine eile a fhorbairt.

### Leibhéal 2

Laistigh de mhodúl roghnach na Drámaíochta ar Leibhéal 2, sainaithníodh cumarsáid, óráidíocht phoiblí, idirghníomhaíochtaí sóisialta a shamhaltú, taibhiú, agus deiseanna rólimeartha mar phríomhréimsí lena chur ar chumas scoláirí scileanna ar feadh an tsaoil a fhorbairt agus neamhspleáchas a chothú. Thug na rannpháirtithe dá n-aire go mion minic an chaoi ar féidir iad sin a aistriú chuig eispéiris lasmuigh den seomra ranga agus sa phobal i gcoitinne go héasca. Cuireadh in iúl ina leith sin go dtacódh sé le muinín agus folláine fhoriomlán na scoláirí.

Chuir roinnt rannpháirtithe an tuairim in iúl go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt torthaí foghlama le go mbeidís ní ba leithne ó thaobh an raoin de. Is amhlaidh a labhair na rannpháirtithe faoin acmhainneacht atá ann leas a bhaint as gníomhaíochtaí seach-churaclaim nó gníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla chun tacú le baint amach na dtorthaí foghlama, go háirithe sa chás ina raibh scoileanna i mbun drámaíochta nó léiriúcháin cheoil. D'aithin siad go gcuideodh léiriúcháin uile-scoile le rannpháirteachas bríoch do scoláirí ach d'aithin siad freisin nach raibh gá le léiriúcháin chomh mór sin chun na torthaí foghlama a bhaint amach. Ba mhór ag na scoláirí go háirithe an deis lena gcuid foghlama a bhaint amach lasmuigh den seomra ranga foirmiúil agus labhair siad faoi oícheanta drámaíochta agus faoin gcaoi ar mhaith leo dul i mbun na drámaíochta trí ócáidí agus imeachtaí sóisialta.

## Litríocht Leibhéal 2

Bhí cuid mhór tacaíochta ann don mhodúl roghnach seo. Sa chuid is mó den aiseolas díríodh ar an tábhacht atá lena aithint go bhfuil an litríocht atá ann do chách, agus go mbeadh an deis ag scoláirí dul i mbun na litríochta ina foirmeacha uile. Is go tréan a bhí na rannpháirtithe den tuairim go spreagfadh an litríocht naisc idir an baile agus an scoil agus, dá réir sin, go gcuirfeadh sé sin an t-eispéireas foghlama chun feabhais don scoláire ar fud modúil eile. Gné den mhodúl a rabhthas an-sásta léi ba ea an léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr toisc gur mheas na rannpháirtithe gur scil thábhachtach don saol í sin, agus is amhlaidh a bhí an scéal maidir leis an bhfócas ar smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt freisin.

Mhol roinnt rannpháirtithe an cinneadh gan liosta téacsanna dualgais a áireamh don mhodúl roghnach. Chuir siad an tuairim in iúl go bhfuil an cinneadh sin gan liosta dualgais a leagan síos, ar minic a chuimsítear i sonraíochtaí teanga é, ag teacht níos dlúithe le cur chuige scoláire-lárnaithe. Cumasaíonn sé an modúl a bheith treoraithe ag ábhair spéise na scoláirí, rud a fhágann go bhfuil sé níos sainoiriúnaithe agus níos scoláire-stiúrtha dá bharr sin. Bhí meon dearfach ag na rannpháirtithe freisin i dtaobh a oscailte atá an sainmhíniú ar 'léamh' agus 'scríobh' laistigh den mhodúl roghnach mar bhealach leis an uile scoláire a chur i mbun na litríochta. Rinneadh tagairt i gcuid mhaith freagairtí do na bealaí éagsúla a bhféadfadh scoláirí dul i mbun na litríochta. Tá úsáid Lego agus úrscéalta grafacha i measc na samplaí a luadh de na nithe a d'fhéadfadh scoláirí a chur in úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na torthaí foghlama a bhaint amach. Ba mhór acu an chaoi ar leagadh an bhéim níos faide anonn ná díreach an téacs a léamh, agus go bhfuil sí á leagan ar bhealach níos doichte anois ar shásamh an scoláire as an litríocht agus ar a léirthuiscint di.

Rinneadh plé ar roinnt torthaí foghlama faoi leith mar chinn a raibh gá le soiléiriú breise ina dtaobh agus measadh go bhféadfadh líon beag torthaí foghlama a bheith ródhúshlánach do scoláirí áirithe, ar cinn iad lena n-éileofaí ar scoláirí a gcuid samhlaíochta a nascadh le smaointe agus mothúcháin. Chuir daoine áirithe in iúl go bhféadfadh an 60 uair an chloig a mholtar a bheith uaillmhianach le bheith in ann dul i mbun na dtorthaí foghlama uile.

## Aire a thabhairt do mo Thimpeallacht Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Mheas rannpháirtithe ar fud na modhanna rannpháirteachais uile go raibh na torthaí foghlama laistigh de na modúil roghnacha seo dearfach agus tacúil chun muintearas a chothú sa scoláire lena bpobal trí thionscadail shóisialta agus phobalbhunaithe. Iarradh go ndéanfaí an nasc idir rannpháirtíocht na scoláirí lena dtimpeallacht agus a bhfolláine fhoriomlán ní b'fhollasaí laistigh de thuairisceoirí na modúl. Cé gur cuireadh fáilte roimh an dá mhodúl, luadh na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis na modúil a chur i bhfeidhm mar thoisc thábhachtach lena breithniú.

Luaigh rannpháirtithe rochtain ar an timpeallacht nádúrtha, iompar agus pearsanra mar cheisteanna éiritheacha do scoileanna i dtaobh cur i bhfeidhm, rud a d'fhéadfadh bac a chur orthu na torthaí foghlama sa mhodúl seo a bhaint amach a mhéid is fearr is féidir. Chuir lear scoileanna in iúl nach féidir eispéiris foghlama amuigh ón timpeallacht scoile a éascú gan tacaíocht ó thuismitheoirí.

### Leibhéal 1

Rinne lear mór rannpháirtithe plé ar an gcaoi a dtagann na modúil seo go maith le hobair thionscadail atá ann cheana féin i scoileanna agus a dtógann siad ar an obair sin, cuir i gcás Gaisce, tionscnaimh na Scoileanna Glasa, tionscadail bunaithe ar an bhfiontraíocht laistigh de scoileanna agus deiseanna taithí oibre. I gcuid mhór den aiseolas díríodh ar an gcaoi a gcothaítear feasacht na scoláirí ar an timpeallacht áitiúil leis na modúil roghnacha seo, agus ar an gcaoi a gcothaítear muintearas, freagracht agus cumas gníomhúcháin i measc scoláirí ina dtimpeallacht áitiúil freisin.

### Leibhéal 2

I gcuid mhór den phlé díríodh ar an ngá atá le heispéiris chéadfacha do scoláirí agus ar an tábhacht atá le bheith rannpháirteach leis an saol amuigh faoin aer mar chuid dá bhforbairt iomlánaíoch. Thug tuismitheoirí dá n-aire an tionchar dearfach a bhíonn ag gníomhaíochtaí amuigh faoin aer ar ghiúmar agus folláine a bpáiste, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí sin ina gcuid dá lá scoile. Sainaithníodh go raibh na briathra gnímh in dhá thoradh foghlama ródhúshlánach ar Leibhéal 2 agus d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh orthu lena chinntiú go bhféadfaí iad a bhaint amach.

## Mo Shaol, M'Airgeadas Leibhéal 2

Cuimsíonn Mo Shaol, M'Airgeadas dhá mhodúl roghnacha laistigh de CFL2. Ar fud an chomhairliúcháin, tháinig sé chun solais go n-aithnítear oideachas airgeadais mar fhoghlaim riachtanach do scoláirí mar chuid de churaclam leathan agus cothromaithe. Mar sin féin, laistigh den chomhthéacs sin, cé gur cuireadh fáilte roimh an dá mhodúl, tugadh ar aird i bpíosa mór den aiseolas go raibh roinnt mhaith de na torthaí foghlama ardaidhmeannach do scoláirí toisc gur measadh go raibh cuid de na coincheapa airgeadais róchasta dóibh le tuiscint go hiomlán, cuir i gcás calaois airgeadais. Chuir lear mór rannpháirtithe an tuairim in iúl go raibh cuid de na torthaí foghlama dírithe ar leibhéal is oiriúnaí do Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Thug rannpháirtithe le fios go gcuirfí na modúil chun feabhais ar an mórgóir dá mbeadh sé d'aidhm acu buneolas a chur ar fáil do scoláirí ar an oideachas airgeadais agus ar an litearthacht airgeadais, ach is amhlaidh is beag mionsonraí a thug siad ar choincheapa áirithe.

Sainaithníodh go raibh idirbhearta ar líne, calaois airgeadais, barántaí, táillí iompórtála agus cuntas bainc a oscailt ró-uaillmhianach do scoláirí a bhí ag gabháil do chlár foghlama Leibhéal 2. Is léir ón aiseolas gur cheart an modúl a choinneáil mar chuid den chlár foghlama, ach is é an comhdhearcadh foriomlán ná gur cheart athshúil a thabhairt ar roinnt mhaith de na torthaí foghlama chun foghlaim ní ba leithne agus ní ba chothromaithe, a bheadh oiriúnach don aois agus don chéim a chur ar fáil, agus béim ann ar bhuneolas a thabhairt do scoláirí ar an oideachas airgeadais.

## Corpoideachas Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Rinne rannpháirtithe cur síos ar na torthaí foghlama ar an dá leibhéal le linn an chomhairliúcháin mar chinn a bhí críochnúil, ionchuimsitheach agus tacúil d'fhorbairt na scoláirí, agus luadh gur chuir siad ar chumas an uile scoláire a bheith páirteach sa Chorpoideachas agus leas a bhaint as.

Ba mhór ag daoine ar fud na modhanna rannpháirteachais uile an bhéim ar rannpháirtíocht ghníomhach, ar dheiseanna le bheith páirteach sa phobal i gcoitinne, ar réimse leathan gníomhaíochtaí a bhlaiseadh (lena n-áirítear gníomhaíochtaí amuigh faoin aer) agus ar an taitneamh a bhaintear as gníomhaíocht choirp laistigh de na modúil.

Ba mhór ag na rannpháirtithe an bhéim a leagadh ar rannpháirtíocht ghníomhach agus ar an iniúchadh ar ghníomhaíochtaí, trealamh agus timpeallachtaí éagsúla. Shainaithin na rannpháirtithe torthaí foghlama breise mar ba ghá lenar tugadh aghaidh ar fhorbairt fhisiciúil, chéadfach, sláinte, shóisialta agus mhothúchánach na scoláirí.

Cé go raibh léirthuiscint ag na rannpháirtithe don chaoi ar féidir an dá mhodúl a mhúineadh i suíomh grúpa mhóir nó i rang príomhshrutha, i gcuid mhór den aiseolas rinneadh tagairt do phróifílí foghlama agus riachtanais aonair na scoláirí agus don tábhacht mhór atá lena gcur san áireamh i gcónaí, agus tugadh le fios go gcuirtear an inoiriúnaitheacht sin ar fáil leis na modúil.

### Leibhéal 1

Chuir na rannpháirtithe fáilte roimh na torthaí foghlama ar an mórgóir agus an tráth céanna shainaithin siad líon beag athruithe a chuirfeadh an fhoghlaim chun feabhais agus a chinnteodh go mbeadh sí oiriúnach don aois agus don chéim. Shainaithin na rannpháirtithe torthaí foghlama breise a raibh gá lena gcur le modúl Leibhéal 1 an Chorpoideachais. Moladh na torthaí foghlama breise sin chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairt fhisiciúil, chéadfach, sláinte, shóisialta agus mhothúchánach na scoláirí trí rannpháirtíocht ghníomhach sa Chorpoideachas.

### Leibhéal 2

Chuir na rannpháirtithe fáilte roimh na torthaí foghlama ach an tráth céanna shainaithin siad torthaí breise freisin chun tacú le tuiscint na scoláirí ar an bhfiseolaíocht ar leibhéal bunúsach. Tugadh ar aird an tábhacht atá le tagairt a dhéanamh do ghníomhaíochtaí bunaithe ar na céadfaí. Ba mhór ag na rannpháirtithe an bhéim a leagadh ar thaitneamh a bhaint as gníomhaíocht choirp agus ar rannpháirteachas inti ar feadh an tsaoil agus chuir siad in iúl go spreagfadh sé sin na scoláirí le bheith níos rannpháirtí sa chorpoideachas lasmuigh den scoil, le léirthuiscint a bheith acu do thábhacht an chorpoideachais ina saol agus, dá réir sin, go dtacódh sé sin le scoláirí a bheith gníomhach ar feadh a saoil.

## Amharc-ealaín Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Rinneadh tagairt arís agus arís eile don tábhacht atá le taitneamh na scoláirí as na modúil seo, agus d'aithin na rannpháirtithe go dtacaíonn modúil na hAmharc-ealaíne le cruthaitheacht, cumarsáid, féinléiriú agus féinmhuinín na scoláirí. Mhol rannpháirtithe go gcuirfí cúpla rud leis, cuir i gcás go gcuirfí tagairt do 'marc-chruthú', 'poncanna', 'foirm' agus 'cumadóireacht' leis an dá mhodúl chomh maith le gluais téarmaí, chun cúnamh a thabhairt don uile mhúinteoir an fhoghlaim atá leagtha amach sa mhodúl a aithint.

Chuir na rannpháirtithe fáilte iontach mór roimh an mbéim a leagadh ar a chur ar a gcumas do na scoláirí breathnú orthu féin mar chruthaitheoirí ealaíne. Measadh gur bunriachtanach é tagairt shonrach a dhéanamh d'úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus oiriúnaitheacha, gléasanna cumarsáide, agus uirlisí oiriúnaitheacha agus fisiciúla do scoláirí lena gcumas cumarsáide agus cruthaitheach a bhaint amach laistigh de na modúil seo.

Tharraing rannpháirtithe aird ar an nasc idir scoláirí ag forbairt a gcuid foclóra agus iad ag léiriú a gcuid oibre agus á cur i láthair. Tugadh le fios gur chuir sé sin le muinín na scoláirí agus gur chothaigh sé cumas iontu na scileanna sin a aistriú chuig réimsí eile foghlama.

# Cuid 3: Aiseolas eile a tháinig chun cinn sa chomhairliúchán

Mar a luadh cheana, rinne rannpháirtithe plé ar dheiseanna agus saincheisteanna níos leithne do chur i bhfeidhm rathúil réimse curaclaim an Chúraim Phearsanta agus na modúl roghnach. Bhí trí réimse uileghabhálacha aiseolais ann:

- Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM)
- Acmhainní, agus acmhainní a chur ar fáil
- Modúil roghnacha bhreise.

## Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM)

Bhíothas ar aon fhocal tríd is tríd go mbeidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí (FGM) riachtanach le go n-éireoidh le scoileanna na modúil seo agus réimse curaclaim an Chúraim Phearsanta a thabhairt isteach mar chuid dá gcláir foghlama. Tarraingíodh aird air go mbeadh FGM oiriúnach ag teastáil ó mhúinteoirí ar na modúil roghnacha a bhaineann lena réimse ábhair. Rinne lear mór daoine tagairt do thábhacht FGM i ndáil le riachtanais shonracha scoláirí agus oiriúnuithe féideartha a bhaineann lena n-ábhar, réimse curaclaim nó modúl ar leith. Tarraingíodh anuas go raibh foghlaim ghairmiúil ábhartha i gcás gnéithe den Chúram Pearsanta go háirithe, lena chinntiú go mbeidh muinín ag múinteoirí agus iad ag obair leis na torthaí foghlama.

## Acmhainní, agus acmhainní a chur ar fáil

Thug rannpháirtithe le fios gur bhain an-tábhacht le gach ceann de na modúil roghnacha maidir le héagsúlacht deiseanna agus comhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire. Bhí go leor breathnuithe ann ó rannpháirtithe gur cheart béim a leagan a thuilleadh laistigh de na modúil roghnacha ar dheiseanna foghlama gan ullmhú laistigh den scoil agus ar fud an phobail níos leithne, i bhfianaise a thábhachtaí atá siad. Mar sin féin, laistigh den chomhthéacs sin, luaigh na rannpháirtithe go mbeadh gá le hacmhainní breise a chur ar fáil le haghaidh eispéiris bhríocha scoláirí, laistigh agus lasmuigh de phobal na scoile agus ar a fhud, lena chur ar chumas scoileanna tabhairt fúthu. I measc na ndúshlán a luadh go mion minic bhí acmhainní aoisoiriúnacha, spás fisiciúil, iompar agus tacaíocht a thabhairt do scoláirí a mbaineann dúshláin shonracha leighis agus soghluaisteachta dóibh agus a dteastaíonn iompar agus trealamh speisialaithe uathu. Pearsanra amhail coimhdirí bus, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, múinteoirí ábhar sonrach laistigh de scoileanna speisialta agus an dúshlán atá roimh an uile scoil faoi láthair maidir le múinteoirí a earcú, luadh gur ábhair imní iad sin uile ó thaobh chur i bhfeidhm rathúil na modúl sa tsraith shinsearach de. Luaigh cuid mhór daoine nárbh fhéidir a bheith rannpháirteach i roinnt mhaith gníomhaíochtaí gan tacaíocht fhisiciúil ó thuismitheoirí a fhreastalaíonn ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí, mar aon le rannpháirtíocht an phobail níos leithne.

Chuir na scoláirí uile a ghabh don phróiseas comhairliúcháin an bharúil in iúl gurbh iad a gcuid turas lasmuigh den seomra ranga an ghné ba thábhachtaí dá n-eispéireas scoile. Thug tuismitheoirí, ceannairí scoile agus múinteoirí dá n-aire freisin an tábhacht atá le foghlaim lasmuigh den seomra ranga, ach arís eile, luaigh siad go bhfuil na hacmhainní atá ann ina mbac ar rannpháirteachas leis an bpobal ar bhonn níos leithne.

Ba léir gur saincheist mhór do scoileanna é rochtain ar ghairmithe seachtracha freisin. Dúradh go dtéann scoláirí áirithe ar gcúl de bharr nach ann do Theiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Teiripeoirí Saothair agus Anailísithe Iompraíochta chun tacú leis na riachtanais is bunúsaí dá mbíonn ag scoláirí.

Thug na rannpháirtithe le fios go mbeadh tairbhe ag baint le comhordaitheoir CFL1L2 tiomnaithe a bheith ag gach scoil, cosúil leis na róil a bhíonn ag comhordaitheoirí na hIdirbhliana, na hArdteistiméireachta Feidhmí nó Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Thug na rannpháirtithe neart cúiseanna maidir leis an bhfáth a raibh gá le ról tiomnaithe dá leithéid sin. I measc na gcúiseanna sin, dúradh go n-oibreodh comhordaitheoir tiomnaithe CFL1L2 go dlúth leis an mbainistíocht shinsearach agus leis an bhfoireann uile chun cur i bhfeidhm rathúil na gclár agus ionchuimsiú bríoch agus oiriúnach a chinntiú.

## Modúil roghnacha bhreise

Cé gur mhór ag na rannpháirtithe na réimsí curaclaim agus na modúil roghnacha ar fud na modhanna rannpháirteachais uile, rinne siad moltaí maidir le modúil roghnacha bhreise, cuir i gcás: Cócaireacht ar L1, Lámh agus TCÉ. Bhí éileamh mór ann ar fud na modhanna rannpháirteachais uile ar na réimsí curaclaim agus na modúil seo a bheith ar fáil ar Leibhéal 3 laistigh de churaclam na sraithe sinsearaí.

# Cuid 4: Údair Mhachnaimh agus Tátal

## Údair Mhachnaimh

Ar an iomlán, glacadh go maith leis na dréachtréimsí curaclaim agus na dréachtmhodúil agus measadh go raibh siad ríthábhachtach lena chinntiú go mbíonn rochtain ag gach scoláire ar churaclam oiriúnach sa tsraith shinsearach, go bhféadann siad a bheith páirteach ann agus tairbhe a bhaint as. Nocht go leor rannpháirtithe tuairim ar an gcaoi a bhfuil na modúil a cuireadh i láthair le haghaidh comhairliúcháin ina léiriú ar an scoil chomhaimseartha agus a bhfuil siad ábhartha agus bríoch do scoláirí ag an gcéim seo den oideachas.

Bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le cur agus cúiteamh ar ghnéithe lárnacha den dréachtréimse curaclaim, Cúram Pearsanta, agus ar na dréachtmhodúil roghnacha sa tsraith shinsearach, agus chuir sé aiseolas ar fáil a rinne an Mheitheal Forbartha a bhreithniú le linn di na sonraíochtaí a thabhairt chun críche.

Áirítear an méid a leanas leis an aiseolas a breithníodh sa chomhthéacs sin:

- Friotal úr a chur ar roinnt de na torthaí foghlama chun iad a dhéanamh níos inrochtana
- Roinnt de na torthaí foghlama a bhaineann le coincheapa níos casta a bhaint, cuir i gcás calaois, i Leibhéal 2 de Mo Shaol, M'Airgeadas
- Aiseolas ón gcomhairliúchán maidir le tacaíochtaí oiriúnacha le haghaidh cur i bhfeidhm, lena n-áirítear foghlaim ghairmiúil agus acmhainní agus pearsanra leordhóthanacha a chur ar fáil, a roinnt leis an Roinn Oideachais agus Óige.

## Tátal

Spreag an comhairliúchán maidir le Cúram Pearsanta agus na modúil roghnacha plé mór agus bhí go leor le foghlaim uaidh. Aithníonn CNCM rannpháirtíocht na rannpháirtithe agus gabhann buíoch as an aiseolas oscailte, ionraic, tiomanta, bunaithe ar thaithí agus sainiúil a fuarthas. Léirítear san aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí an-dearfach ar an gCúram Pearsanta agus na modúil roghnacha, ach ag an am céanna, aithnítear gur ríthábhachtach iad foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí agus acmhainní agus pearsanra a sholáthar le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Bhí an t-aiseolas ar na cáipéisí ina chuidiú chun na Cláir Foghlama a neartú a thuilleadh. Cuirfidh sé bonn eolais faoi fhorbairt na modúl breise atá luaite sa Ráiteas Cláir agus a fhorbrófar mar chuid de shraith níos iomláine de chomhpháirteanna curaclaim in 2025/2026.

# Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022a) Athbhreithniú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 CNCM

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022b) Tuarascáil Chomhairleach maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach. CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023a) Cáipéis eolais agus treoir d'fhorbairt na modúl leantacha CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023b) Straitéis Taighde, 2023 - 2026 | CNCM CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, (2023c) Beartas Cosanta Sonraí CNCM

# Aguisín 1:
# Céim a hAon - Liosta na Rannpháirtithe - eagraíochtaí

Seo a leanas liosta d'eagraíochtaí a thug freagra ar an suirbhé ar líne agus/nó aighneacht ar líne, i gcéim a haon, ar mhian leo a bheith liostaithe sa tuarascáil seo

Down Syndrome Ireland

Ionchuimsiú Éireann

Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta

Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC) (torthaí suirbhé ar líne a chuir 76 tuismitheoir agus fócasghrúpa ina raibh triúr tuismitheoirí isteach)

Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, an Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

# Aguisín 2:
# Céim a hAon - Liosta na rannpháirtithe - suirbhéanna ar líne

Seo a leanas liosta de dhaoine aonair a thug freagra ar na suirbhéanna ar líne, i gcéim a haon, ar mhian leo a bheith liostaithe sa tuarascáil seo

Michelle Brady
Eva Brennan
Fiona Burke
Siobhán Crowe
Ríona Cullen
Molly Daly
Bláthnaid Dennis
Jennifer Duggan
Michelle Enright
Karen Fahy
Sharon Fay
Siobhán Fitzgerald
Patricia Flanangan
An Dr Deirdre Forde
Rossa Gallagher
David Galvin
Gina Grant
Tish Mc Gann
Jane Mc Gurk
Amy Lucas
Mateusz Masternak
Paula Lenihan Morrissey
M Osborne
Judy O' Doherty
Aoife Power
Michelle Rabbette
Sarah Rice
Phillip Ryan

# Aguisín 3:
# Céim a Dó
# Liosta na Rannpháirtithe - eagraíochtaí

Seo a leanas liosta d'eagraíochtaí a thug freagra ar an suirbhé ar líne agus/nó aighneacht ar líne, i gcéim a dó, ar mhian leo a bheith liostaithe sa tuarascáil seo

Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (torthaí an tsuirbhé ar líne – 72 tuismitheoir, triúr acu i bhfócasghrúpa)

# Aguisín 4:
# Céim a Dó - Liosta na rannpháirtithe - suirbhéanna ar líne

Seo a leanas liosta de dhaoine aonair a thug freagra ar na suirbhéanna ar líne, i gcéim a dó, ar mhian leo a bheith liostaithe sa tuarascáil seo

Lindsey Gordon

Gina Grant

Amy Ryan McNamara

Norma O' Doherty

Maureen Ó Lionáin

Treasa O'Loughlin

Julie Sweeney

Múinteoir, Rang ASD

Deirdre Walls

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment